



# Réamhrá don Fhéinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim i mBunscoileanna

Treoirínte do Scoileanna ón gCigireacht



FEABHAS NA FOGHLAMA A CHUR CHUN CINN



AN tEINN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS  
AN CHIGIREACHT

© 2012 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Deartha ag Slickfish.ie

Arna fhoilsiú ag

An Chigireacht  
An Roinn Oideachais and Scileanna  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1

Le fáil ag  
[www.schoolself-evaluation.ie](http://www.schoolself-evaluation.ie)

---

## Clár

1. Cad is féinmheastóireacht scoile ann?	2
2. Cén chuma atá ar an bhféinmheastóireacht scoile?	4
3. Conas ba chóir dúinn an próiseas FMS a thosú?	11
4. Cé ba chóir a bheith páirteach san fhéinmheastóireacht scoile?	14
5. Cén struchtúir agus tacáí atá ag teastáil ó scoileanna don fhéinmheastóireacht scoile?	19
6. Cén toradh ba chóir a bheith ann ar an bhféinmheastóireacht scoile?	20
7. Ceisteanna a chuirtear go minic	22

## 1. Cad is féinmheastóireacht scoile ann?

Is éard is féinmheastóireacht scoile (FMS nó SSE sa Bhéarla) ann ná próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach den athbhreithniú inmheánach scoile.

Nuair atá féinmheastóireacht scoile ar siúl beidh an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na múinteoirí, faoi stiúir an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin agus i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus le daltaí páirteach i bhfiosrú athmhachnamhach ar obair na scoile.

Próiseas ríthábhachtach is ea féinmheastóireacht scoile d'fheabhsúchán agus d'fhorbairt scoile. Cuidíonn féinmheastóireacht scoile le scoileanna:

- Céim chun tosaigh a ghlacadh le feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil dá ndaltaí
- Tógáil ar a bhfuil ag obair go maith
- Réimsí ina bhfuil gá le forbairt a aithint agus cinneadh ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm sna réimsí sin
- Tuairisciú do phobal na scoile faoi na láidreachtaí in obair na scoile agus na tosaíochtaí d'fheabhsúchán agus d'fhorbairt.

### Tógann féinmheastóireacht scoile ar phleanáil forbartha scoile atá go maith

Déanann múinteoirí machnamh ar a gcuid oibre agus ar an bhfoghlaim a dhéanann a ndaltaí mar chuid dá ngnáthchleachtas laethúil. Le blianta fada anuas, bhain múinteoirí agus boird bhainistíochta scoileanna úsáid as an bpróiseas don phleanáil forbartha scoile chun a aithint cad iad na gnéithe a bhfuil ag éirí go maith leo ina scoileanna agus cad a d'fhéadfaí a fheabhsú. Bealach is ea an féinmheastóireacht scoile (FMS) leis an bpróiseas seo d'athmhachnamh d'fheabhsúchán agus d'fhorbairt a chur ar siúl ar bhealach níos córasaí.

Cuireann féinmheastóireacht scoile béim sa bhreis ar fhianaise faoi obair na scoile a bhailiú, a scrúdú agus a roinnt nuair atá cinnití á ndéanamh faoi na gnéithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus na gnéithe d'obair na scoile ar gá a fheabhsú agus a fhorbairt.

Díríonn féinmheastóireacht scoile ar:

- Teagasc agus foghlaim sa scoil
- Tacaíocht do dhaltaí sa scoil
- Bainistíocht agus ceannaireacht sa scoil.

**Sa chéad tréimhse d' fhéinmheastóireacht scoile iarrtar ar scoileanna aird faoi leith a dhíriú ar fhéinmheastóireacht an teagaisc agus na foghlama.**

### **Tá fíorthairbhe le féinmheastóireacht scoile**

*Feabhsaíonn féinmheastóireacht scoile foghlaim dhaltaí.* Tá sé léirithe ag múinteoirí in Éirinn agus i neart tíortha eile gur féidir leo - trí athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas go rialta- feabhas a chur ar an bhfoghlaim a dhéanann a ndaltaí. Tarlaíonn sé seo nuair a dhíríonn an fhéinmheastóireacht scoile ar a bhfuil ag tarlúint sna seomraí ranga, seachas a bheith ag díriú go príomha ar an bpáipéarachas.

*Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile le forbairt agus le feabhsúchan leanúnach.* Beidh an fhianaise cabhrach do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh na gnéithe dá gcleachtas a bhfuil ag éirí go maith leo a dhearbhu agus a cheiliúradh. Cuideoidh an fhianaise freisin le gnéithe den chleachtas ar mhaith le múinteoirí a fheabhsú a aithint. Nuair a aithnítear na buanna agus na gnéithe ar gá a fhorbairt mar fhoireann is fearr mar a chinnteoidh sé seo go bhfuil múinteoirí uile na scoile ag obair i dtreo na spriocanna feabhsúcháin céanna.

*Baineann féinmheastóireacht scoile leis an bpobal uile.* Nuair a bhailíonn múinteoirí cuid mhaith eolais faoin scoil, bíonn na tuairimí atá ag tuismitheoirí agus ag daltaí, chomh maith le tuairimí na múinteoirí san áireamh go nádúrtha. Baineann na múinteoirí leas, freisin, as eolas faoi ghnóthachtáil na ndaltaí, faoina rannpháirtíocht agus faoin gcaoi ina gcuireann siad le saol a scoile.

*Cuireann an fheinmheastóireacht scoile ar chumas scoileanna a scéalta féin a insint dá bpobail féin.* Bíonn cúrsaí, daltaí agus obair dá gcuid féin ag gach scoil. Cuidíonn féinmheastóireacht scoile le scoileanna a bhfuil ag éirí go

maith leo a dhearbhu agus a cheiliúradh, cinntí a dhéanamh faoi na hathruithe ba mhaith leo a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise atá bailithe acu, agus é seo a thuairisciú dá bpobail scoile. Cuireann féinmheastóireacht scoile an deis ar fáil do scoileanna na buanna atá acu agus na gnéithe ar gá a fhorbairt a insint dá bpobail.


*Cuireann féinmheastóireacht scoile le saol gairmiúil na múinteoirí.* Is minic go mbíonn múinteoirí a bhíonn gafa i bhféinmheastóireacht ag caint faoin mbealach ina gcabhraíonn an próiseas leo machnamh a dhéanamh ar conas a mhúineann siad. Cabhraíonn sé leo, freisin, a gcuid smaointe agus a gcuid ceisteanna a roinnt lena gcomhghleacaithe ar bhealach a thugann luach saothair agus tacaíocht dóibh.

*Tacaíonn FMS leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a chur i bhfeidhm.* Tá tús curtha cheana féin ag neart scoileanna ar scrúdú a dhéanamh agus ar fheabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheastóireacht ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht mar fhreagra ar an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*. Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile bealach tacúil agus córasach ar fáil do scoileanna chun an dea-chleachtas a dhearbhu agus chun an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú.

## 2. Cén chuma atá ar an bhféinmheastóireacht scoile?

Tógann féinmheastóireacht scoile ar an bpróiseas don phleanáil forbartha scoile. Is fearr cur síos ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile mar shraith ina bhfuil sé chéim (figiúr 1). Beidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas cheana féin faoi roinnt mhaith de na céimeanna seo óna dtaithí ar phleanáil forbartha scoile (PFS nó SDP sa Bhéarla).

## Figiúr 1. AN PRÓISEAS SÉ CHÉIM UM FHÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE



Léiríonn an taithí in Éirinn agus i dtíortha eile go dtógann sé roinnt blianta chun próisis mhaithé d'fhéinmheastóireacht scoile a thógáil i scoileanna. Sna céimeanna tosaigh, is fearr a oibríonn an fhéinmheastóireacht scoile nuair a dhírítear ar ghnéithe beaga, scoite d'obair na scoile. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí agus do phobal na scoile scrúdú ceart a dhéanamh ar an ngné d'obair na scoile atá roghnaithe, agus pleanáil conas is féidir í a fheabhsú.

Sin é an fáth gur fearr scrúdú a dhéanamh ar líon beag de ghnéithe den teagasc agus den fhoghlaim sna céimeanna tosaigh. Le linn d'fhéinmheastóireacht scoile bheith á tabhairt isteach iarrtar ar scoileanna meastóireacht a dhéanamh ar trí théama laistigh de cheithre bliana; litearthacht, uimhearthacht agus gné eile den churaclam. Beidh tuairisc fhéinmheastóireachta scoile ghairid agus plean feabhsúcháin scoile mar thoradh ar an meastóireacht a dhéantar ar gach téama. Cuirfear na pleananna seo i bhfeidhm agus déanfar monatóireacht orthu go ceann suas le trí bliana.

De réir mar a bhíonn breis taithí agus muiníne ag scoil san fhéinmheastóireacht scoile beidh sí ábalta an fhéinmheastóireacht scoile a úsáid chun gnéithe eile den obair a scrúdú agus a fheabhsú gach bliain.

Tugann Figiúr 2 níos mó sonraí faoi na sé chéim atá sa phróiseas FMS. Is feidir úsáid a bhaint as na céimeanna seo chun scrúdú, nó tuarisciú nó feabhsú a dhéanamh ar aon ghné d’obair na scoile ar bhealach córasach.

**Figiúr 2. AN PRÓISEAS SÉ CHÉIM UM FHÉIMHEASTÓIREACTH SCOILE**





## Céim 1: Bailiú fianaise

Is í Céim 1 an chéim ina mbailítear fianaise. Tá sonraí á mbailiú ag scoileanna cheana féin ar chúiseanna éagsúla, agus beidh cuid mhór díobh seo an-úsáideach i bpróiseas na féinmheastóireachta scoile.

Nuair atá meastóireacht á déanamh ar ghné faoi leith den teagasc agus den fhoghlaim beidh tuairimí na múinteoirí agus a dtaifid ar obair na ndaltaí mar thúsphointí soiléire. San áireamh anseo beidh eolas faoi dhul chun cinn daltaí in ábhair, a ndíogras i leith na foghlama go ginearálta agus tuairisc ar an gcaoi ina bhfuil ag éirí leo spriocanna an churaclaim a bhaint amach.

Beidh múinteoirí ábalta eolas níos ginearálta a chur ar fáil ó na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe agus sna scrúduithe scoile a dhearann múinteoirí.

Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go mbíonn tuairimí dhaoine eile mar chuid den bhonn fianaise, tuairimí dhaltaí agus tuismitheoirí san áireamh.

Foinsí eolais don mheastóireacht ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ná:

- Taifid agus sonraí measúnaithe – múnlaitheach agus suimitheach
- Suirbhéanna foghlaimeoirí agus tuismitheoirí (guth na ndaltaí/na dtuismitheoirí)
- Plé i ngrúpaí fócais
- Agallaimh
- Athmhachnamh an mhúinteora aonair
- Athmhachnamh scoile uile
- Comhphlé ar thaithí i measc na foirne
- Athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil i measc na foirne.

Beidh athmhachnamh agus plé gairmiúil idir múinteoirí, ag díriú ar ghnéithe ar leith den teagasc agus den fhoghlaim, an-tábhachtach nuair atá fianaise á bailiú. De réir mar a thagann forbairt ar chleachtais chomhoibríocha i measc na foirne teagasc, beidh teagasc foirne agus athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ina modhanna éifeachtúla chun fianaise a bhailiú.

**Tá sé tábhachtach nach mbaileofar an iomarca eolais.** Ba chóir do scoileanna na foinsí fianaise a roghnú a oireann don eolas atá ag teastáil uathu.

## Céim 2: Déan anailís ar d'fhianaise

I gCéim 2 déantar anailís ar an eolas a bhaillítear agus déantar é seo a thagarmharcáil i gcoinne caighdeán don téama meastóireachta. Tá na caighdeáin seo ar fáil sna **critéir mheastóireachta** in *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínte do Bhunscoileanna*

Mar shampla nuair a dhéanann scoil meastóireacht ar cháilíocht a soláthair i réimse na litearthachta, is léir gur fiú tosú ag torthaí na ndaltaí. D'fhéadfadh múinteoirí:

- Eolas agus scileanna a sheiceáil sa
  - o Teanga (éisteacht agus labhairt)
  - o Léitheoireacht
  - o Scríbhneoireacht
  - o Eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm
- Leibhéil ghnóthachtála a sheiceáil
  - o Cén caighdeán ata bainte amach ag daltaí?
  - o Conas atá na caigheáin seo i gcomparáid leis na caighdeáin a fuarthas anuraidh nó nuair a cláraíodh sa scoil iad?
  - o Conas atá gnóthachtáil ár ndaltaí i gcomparáid leis na noirm náisiúnta (trialacha caighdeánacha, torthaí scrúduithe)?
  - o An bhfuil aon treonna inscoile le sonrú?
- Meon na ndaltaí a sheiceáil
  - o Cé chomh inspreagtha agus atá ár ndaltaí?
  - o Cé chomh maith agus atá dearchtaí dearfacha á bhforbairt acu maidir le húsáid a bhaint as teanga/léitheoireacht/scríbhneoireacht?
  - o Cé chomh rannpháirteach agus atá siad san fhoghlaim?
- Bain úsáid as critéir mheastóireachta agus as an seicliosta litearthachta chun buanna agus gnéithe le forbairt a aithint.

### Céim 3: Leag amach tátail

Baineann Céim 3 le tátail a tharraingt, bunaithe ar an bhfianaise anailísithe. Ba chóir do scoileanna na láidreachtaí a aithníonn siad sna gnéithe den chleachtas atá á meas a chinneadh, a dhearbhu agus a cheiliúradh. Ba chóir dóibh aitheantas a thabhairt do na réimsí ina bhfuil gá le feabhsú.

D'fhonn a bheith chomh hoibiachtúil agus is féidir ba chóir dóibh an cháilíocht a mheas ag baint úsáide as na **ráitis cháilíochta** sna *Treoirlínte* mar chnuasach de chaighdeáin. Léiríonn na ráitis cháilíochta an leibhéal cleachtais is airde. D'fhéadfadh láidreachtaí suntasacha a bheith ag scoil gan an leibhéal seo a shroicheadh.

### Céim 4: Cuir an tuairisc fhéinmheastóireachta i gcrích

Cinntíonn Céim 4 go gcoinníonn scoileanna taifead ar a bhféinmheastóireacht agus ar na tátail ach go háirithe. Mar thoradh air seo cuirfear tuairisc ghairid fhéinmheastóireachta i gcrích. Níor chóir go mbeadh tuairiscí níos faide ná 2-3 leathanach.

Ba chóir go mbeadh taifead de na nithe seo a leanas sa tuairisc fhéinmheastóireachta:

- Gnéithe den chleachtas a roghnaíodh don fhéinmheastóireacht
- Gearrchuntas ar chomhthéacs na scoile
- Na tátail
- Achoimre ar láidreachtaí
- Achoimre ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsú.

Mar chuid den FMS tá sé tairbheach athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais reachtúla agus rialála ar gá do scoileanna a chomhlíonadh. Ba chóir é seo a dhéanamh uair sa bhliain agus tá seicliosta éasca ar fáil sna *Treoirlínte* ar féidir leis an mbord bainistíochta a líonadh agus a chur mar aguisín leis an tuairisc fhéinmheastóireachta scoile.

Ba chóir do gach scoil cuntas gearr achomair den tuairisc seo a dhearadh faoi threoir an bhoird bhainistíochta agus a eisiúint chuig pobal uile na scoile.

### **Céim 5: Forbraigh plean feabhsúcháin scoile**

I gCéim 5 dearfaidh scoileanna plean feabhsúcháin scoile. Cuimseoidh an plean:

- Achoimre ar na láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin a aithníodh sa mheastóireacht
- Spriocanna d'fheabhsú le fócas ar thorthaí na bhfoghlaimoirí
- Gníomhaíochtaí atá de dhíth chun spriocanna a bhaint amach
- Tagairt dóibh siúd a chaithfidh gníomhaíochtaí a dhéanamh, mar shampla múinteoirí ranga nó grúpaí ar leith
- Ráiteas ar an gcaoi ina seiceálfaidh scoileanna ar baineadh spriocanna amach
- Fráma ama chun spriocanna a bhaint amach.

Níor chóir go mbeadh an plean feabhsúcháin scoile níos faide ná leathanach nó dhó. Ba chóir cuntas achomair ar an bplean seo a chur ar fáil do phobal uile na scoile.

### **Céim 6 Forfheidhmiú agus monatóireacht**

Tá Céim 6, an chéim dheiridh, ríthábhachtach má tá próiseas na féinmheastóireachta scoile le feabhas a thabhairt. Níl ann ach nuair atá na gníomhaíochtaí atá sa phlean don fheabhsúchán curtha i bhfeidhm gur féidir le hobair na scoile feabhsú. Ba chóir go mbeadh na múinteoirí uile ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm ag leibhéal an mhúinteora aonair, leibhéal an ranga, nó leibhéal na scoile uile. Ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí seo ina gcuid den ghnáthphróiseas teagaisc agus foghlama.

Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí. Beidh ar scoileanna cinní a dhéanamh faoi :

- Conas a tharlóidh monatóireacht
- Cé a bheidh freagrach as monatóireacht
- Cé mar a chinnfear agus mar a thabharfar tuairisc ar an dul chun cinn

- Cathain agus cé dó a thabharfar tuairisc ar an dul chun cinn (mar shampla, cruinnithe foirne, cruinnithe pleanála, cruinnithe boird)
- Má tá na spriocanna agus gníomhaíochtaí réalaíoch nó má chaithfear iad a athrú.

### 3. Conas ba chóir dúinn an próiseas FMS a thosú?

#### Cinntigh an fócas a bheidh ag an bhféinmheastóireacht

Tá sé tábhachtach a bheith soiléir ón tús faoi fhócas na féinmheastóireachta. Ba chóir go ndíreodh gníomhaíochtaí um fhéinmheastóireacht scoile ar **theagasc agus foghlaim**.

Tá go leor gnéithe a d'fhéadfadh a bheith mar fhócas na féinmheastóireachta. Tá sé den tábhacht díriú ar ghné faoi leith, go háirithe sna luath-chéimeanna de chur i bhfeidhm na féinmheastóireachta.

Tosóidh scoileanna próiseas na féinmheastóireachta in 2012-2013. Sna ceithre bliana ó 2012-2013 go dtí 2015-2016 iarrtar ar scoileanna cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a mheas sa **litearthacht**, san **uimhearthacht** agus in **aon ghné amháin eile den churaclam**. Ba chóir do scoileanna tosú le litearthacht nó le huimhearthacht.

#### Cuir saincheistean

Ba chóir do scoileanna an próiseas FMS a thosú le roinnt ceistean faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim. B'fhéidir go mbeadh na cinn seo a leanas san áireamh:

- Conas mar atá ag éirí linn?
- Conas is eol dúinn sin? Cén fhianaise atá againn?
- Conas is féidir linn tuilleadh a fháil amach?
- Cad iad ár láidreachtaí?
- Cad iad na réimsí ar gá a fheabhsú?
- Conas is féidir linn feabhsú?

## Scrúdaigh torthaí, teagasc agus foghlaim

Pointe tosaithe maith don FMS is ea an cheist “conas atá ag éirí linn?” a fhreagairt. D’fhéadfadh múinteoirí tosú ag machnamh air seo trí dhíriú ar na torthaí foghlama. Cuideoidh sé seo leo athmhachnamh a dhéanamh ar éifeachtúlacht a dteagaisc agus na n-eispéireas foghlama a chuireann siad ar fáil do scoláirí. Léirítear na téamaí teagaisc agus foghlama: torthaí foghlaimeora, eispéiris foghlama, cleachtais mhúinteoirí; agus tacar de fhothéamaí a bhaineann leo sa chreat teagaisc agus foghlama (Figiúr 3).

## Bain úsáid as na critéir mheastóireachta agus na ráitis cháilíochta

Cabhróidh na critéir mheastóireachta agus na ráitis cháilíochta i gCaibidil 4 de na *Treoir* leis na múinteoirí nuair a dhéanann siad athbhreithniú ar ghnóthachtáil, ar eispéiris foghlama agus ar chleachtais mhúinteoirí. Déanann siad seo cur síos ar an dea-chleachtas. Tá na critéir deartha mar thagarmharcanna agus ba chóir go gcabhóidís le scoileanna chun éifeachtúlacht a gcleachtais a mheas.

Ní gá do scoileanna athbhreithniú sonracha a dhéanamh ar na téamaí meastóireachta ar fad. De rogha air sin, ba chóir do scoileanna na téamaí a roghnú d’fhéinmheastóireacht scoile de réir a riachtanas féin. Moltar go dtosódh scoileanna trí fhéachaint ar thorthaí do dhaltaí. Ansin d’fhéadfadh siad na heispéiris foghlama a scrúdú (gabháil don fhoghlaim, mar shampla) agus cleachtais na múinteoirí (cur chuigí teagaisc, mar shampla) ba chúis leis na torthaí foghlama. Is féidir le scoileanna a gcleachtas a thagarmharcáil i ngach cás i gcoinne na gcritéir meastóireachta agus na ráiteas cáilíochta.

Figiúr 3. CREAT TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

## TEAGASC agus FOGHLAIM

### Torthaí foghlaimeora

- Cuspóirí curaclaim a bhaint amach

### Eispéiris foghlama

- Timpeallacht foghlama
- Rannpháirtíocht san fhoghlaim
- Foghlaim conas foghlaim

### Cleachtas múinteoirí

- Ullmhúchán don teagasc
- Modhanna teagaisc
- Bainistíocht daltaí
- Measúnú

### Ceiliúraigh láidreachtaí, ainmnigh reimsí forbartha

Ainmneoidh scoileanna láidreachtaí agus reimsí forbartha nuair atá athbhreithniú á dhéanamh acu ar gach gné dá gcuid oibre. Cabhróidh sé seo leo plean feabhsúcháin scoile a dhearadh don ghné den chleachtas ar a bhfuil meastóireacht déanta acu. Cuirfear an plean sin i bhfeidhm thar thréimhse ama trí bliana.

Trí mheastóireacht a dhéanamh ar litearthacht agus ar uimhearthacht thar an scoil sna céimeanna tosaigh de chur i bhfeidhm na féinmheastóireachta comhlíonfaidh scoileanna sainriachtanais na *Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*.

Gach bliain beidh athbhreithniú á dhéanamh ag scoileanna ar ghnéithe eile dá dteagasc agus dá bhfoghlaim. Beidh siad ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm na bpleananna don fheabhsúchán a forbraíodh i mblianta roimhe seo.

## 4. Cé ba chóir a bheith páirteach san fhéinmheastóireacht scoile?

Ba chóir go mbeadh féinmheastóireacht scoile á treorú ag príomhoide na scoile. Faoi stiúir an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin, ba chóir do cheannairí scoile a chinntiú go gcomhroinnfear freagracht as féinmheastóireacht scoile agus go ndéanfar cuid de chleachtas laethúil na múinteoirí uile sa scoil di.

Ba chóir go gcuideodh cruinnithe foirne nó struchtúir scoile eile amhail an t-am breise atá de dhíth faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh 2010-2014), leis an bhfoireann teagasc ar fad obair le chéile uaireanta, mar shampla chun teacht ar fhócas na meastóireachta, chun breithiúnais a dhéanamh faoi bhuanna agus faoi laigí foriomlána bunaithe ar an anailís a dhéantar ar an bhfianaise, agus chun spriocanna a leagadh amach agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin a chinneadh.

Ba chóir go mbeadh ról gníomhach ag baill eile de phobal na scoile, amhail tuismitheoirí agus daltaí, sna gnéithe den fhéinmheastóireacht a bhaineann leo. Ba chóir don bhord bainistíochta treoir ghinearálta a thabhairt don phróiseas chun a chinntiú go bhfuil éiteas agus sainspiorad na scoile san áireamh sa mheastóireacht. Ba chóir don bhord cleachtas na scoile maidir le ceanglais reachtúla agus rialála a sheiceáil ar bhonn rialta. Ba chóir go mbeadh an seiciosta a thugtar sna *Treoirlínte* ina chuidiú ag na boird chun é seo a dhéanamh. Ba chóir don bhord úsáid a bhaint as tuairisc fhéinmheastóireachta agus as plean feabhsúcháin na scoile nuair atá a thuairisc do thuismitheoirí, mar is cuí, faoi Alt 20 den Acht Oideachais, 1998 á hullmhú aige.

Ba chóir dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí de réir mar is cuí, mar shampla chun fianaise a bhailiú faoi dhearcthaí ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht nó a dtaithe ar an bhfoghlaim. Ba chóir gearrchuntais den tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile a chur ar fáil do phobal uile na scoile.



## Mar phríomhoide, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?

Ba chóir do phríomhoidí a bheith i gceannas ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile. Ba chóir dóibh féachaint ar FMS mar uirlis éifeachtach chun an t-athrú a chur i bhfeidhm agus ba chóir dóibh dearchtaí dearfacha i leith an phróisis a chothú. Is féidir leo freagracht as maoirseacht ar ghnéithe den phróiseas FMS a dháileadh ar dhuine aonair nó ar fhoireann bheag.

Nuair atá na gnéithe den chleachtas a bhfuil féinmheastóireacht le déanamh orthu ainmnithe, d'fhéadfadh ceannairí scoile freagracht a dháileadh ar dhaoine eile maidir le heolas a bhailiú, fianaise a anailísiú agus aiseolas a thabhairt.

Mar phríomhoide ba chóir dom a chinntiú:

- Go mbíonn an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) mar chuid d'obair laethúil na scoile
- Go bhfuil príomhfhócas FMS ar thorthaí a fheabhsú d'fhoghlaimoirí
- Go bhfuil struchtúir ar bun chun cur ar chumas na múinteoirí uile páirt a ghlacadh i bpróiseas na féinmheastóireachta scoile. B'fhéidir go n-áireodh na struchtúir sin a chinntiú go gcuirtear am ar fáil don FMS, mar shampla ag cruinnithe foirne nó le linn uaireanta Pháirc an Chrócaigh
- Go bhfuil na múinteoirí uile ar an eolas faoina ról agus faoina bhfreagraíochtaí maidir le FMS
- Go mbíonn cur chuige scoile uile ann maidir le láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin a aithint
- Go gcloistear guthanna na ndaltaí agus na dtuismitheoirí
- Go spreagtar múinteoirí le céimeanna a ghlacadh níos faide ná a gcleachtas reatha agus iad ag bailiú fianaise agus ag glacadh gnímh d'fheabhsúchán.

## Mar mhúinteoir, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?

Ba chóir go mbeadh na múinteoirí uile páirteach i bpróiseas na féinmheastóireachta scoile, agus go mbainfidís ar fad tairbhe as. Ba chóir go mbeadh ról lárnach acu sa chinneadh maidir leis na réimsí fócais don FMS.

Agus na réimsí fócais cinnte, beidh an FMS mar chuid den obair laethúil sa seomra ranga. Beidh cuid mhór de na próisis um bhailiú fianaise mar chuid d'obair na múinteoirí cheana féin. Mar shampla, beidh sonraí meastóireachta, torthaí na scrúduithe caighdeánaithe san áireamh, ag na múinteoirí. Beidh siad gafa le hathmhachnamh ar a gcleachtas sa seomra ranga cheana féin. B'fhéidir go mbeidh tuairimí na ndaltaí á bhfáil acu cheana féin faoi ghnéithe dá gcleachtas.

Bainfidh múinteoirí tairbhe as an bplé gairmiúil a tharlaíonn mar chuid den phróiseas FMS. Cuirfidh sé ar a gcumas taithí a chomhroinnt agus a gcleachtas a shaibhriú.

Mar mhúinteoir ba chóir dom a chinntiú:

- Go bhfuilim eolach ar an réimse fócais don FMS
- Go bhfuilim oscailte d'eispéiris a chomhroinnt le comhghleacaithe
- Go bhfuil an fhianaise riachtanach á bailiú agam chun breithiúnais a dhéanamh faoi láidreachtaí agus réimsí forbartha
- Go bhfuil guth na ndaltaí á chur san áireamh agam
- Go bhfuilim ar an eolas maidir leis na critéir do na téamaí atá á meas
- Go bhfuilim oscailte d'athruithe a dhéanamh i mo chleachtas chun eispéiris agus torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí.

### **Mar bhall den bhord bainistíochta, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?**

Ar an iomlán is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht as a chinntiú go gcuirtear oideachas cúí ar fáil do na daltaí. Ba chóir go mbeadh an obair seo ag teacht le héiteas agus le sainspiorad na scoile. Tá an bord freagrach freisin as an bplean scoile a fhorbairt, i gcomhairle le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus le daltaí, agus as an bplean scoile a scaipeadh.

Mar bhall boird ba chóir dom a chinntiú:

- Go bhfuil na scileanna agus an cumas ag an scoil dul i ngleic le FMS. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh forbairt ghairmiúil de dhíth ar chuid de na múinteoirí nó orthu ar fad.

- Go bhfuil socruithe cuí ann chun a chur ar chumas na foirne teagaisc gabháil don phróiseas FMS
- Go gcothaítear atmaisféar de réir a chéile sa chaoi is gur féidir leis an mbainistíocht, le príomhoidí, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le daltaí a gcion a dhéanamh go hoscailte agus go cuiditheach don phróiseas FMS
- Go bhfuil FMS ar an gclár oibre ag gach cruinniú boird sa chaoi is go mbeidh baill boird in ann ceistanna a chur faoin dul chun cinn agus chun gach a bhfuil curtha i gcrích a dhearbhu
- Go gcuirtear tuairisc achomair FMS agus tuairisc achomair den phlean don fheabhsúchan scoile ar fáil do phobal na scoile gach bliain. Cáipéisí gearra leathanaigh amháin a bheidh iontu, a luann an réimse fócais don FMS sa scoil, na láidreachtaí a aithníodh agus na réimsí ar a mbeidh an scoil ag díriú d'fheabhsúchán
- Go n-úsáidtear an seicliosta reachtúla agus rialála in aghaidh na bliana chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid agus a bhfuil an scoil ag cloí lena dualgais. Ba chóir gníomh a dhéanamh áit nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais.

### **Mar thuismitheoir, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?**

Is comhpháirtithe tábhachtacha san oideachas iad na tuismitheoirí agus is féidir leo léargas luachmhar a thabhairt do scoileanna ar a bhfuil ag obair go maith agus ar cad is féidir a fheabhsú. Cuireann tuismitheoirí suim i bhfoghlaím a gcuid leanaí agus déanann siad seiceáil rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanaí.

Mar thuismitheoir ba chóir dom a chinntiú:

- Go nglacaim páirt i bpróiseas agus in imeachtaí FMS mar is cuí
- Go nglacaim páirt i suirbhéanna, nuair a iarrtar orm
- Go bhfuilim ar fáil agus toilteanach, de réir mar a iarrann an scoil orm, chun páirt a ghlacadh in agallaimh nó i ngrúpaí fócais do thuismitheoirí
- Go bhfuilim ar an eolas faoi na réimsí atá curtha chun tosaigh ag an scoil d'fheabhsúchán

- Go dtairgím cabhair, más feidir, nuair a bhíonn cúnamh á lorg ag an scoil chun gníomh a ghlacadh le haghaidh feabhsúcháin
- Go gcuidím le cumann na dtuismitheoirí a ról a chomhlíonadh sa phróiseas FMS mar is cuí.

### **Mar dhalta, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?**

Tá daltaí an-eolach ar a bhfuil éifeachtúil maidir lena bhfoghlaím. Is féidir le tuairimí na ndaltaí léargas maith a thabhairt ar an timpeallacht foghlama agus ar an gcaoi is fearr ina bhfoghlaímíonn siad.

Mar dhalta ba chóir dom a chinntiú:

- Go nglacaim páirt sa phlé maidir le conas a fhoghlaím, nuair a iarrtar orm
- Go nglacaim páirt i suirbhéanna, nuair a iarrtar orm
- Go gcomhoibrím le comhairle na mac léinn mar is cuí chun cuidiú leis an bpróiseas FMS.
- Go gcuirim, mar is cuí, le forbairt iomlán na scoile.

### **Mar phátrún, cén ról atá agam sa phróiseas FMS?**

Ceapann an pátrún bord bainistíochta chun bainistíocht a dhéanamh ar an scoil ar a shon. Tá an bord freagrach as sainspiorad na scoile a chaomhnú: téann sé i dteagmháil le, agus coinníonn sé an pátrún ar an eolas faoi chinntí agus faoi mholtaí an bhoird.

Mar phátrún ba chóir dom:

- A chinntiú go bhfuil an bord ag cloí le agus aireach ar shainspiorad na scoile nuair atá sé ag dul i ngleic le féinmheastóireacht scoile
- Cuntas achomair den tuairisc fhéinmeastóireachta scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile a fháil ón mbord bainistíochta.

## 5. Cén struchtúir agus tacaí atá ag teastáil ó scoileanna don fhéinmheastóireacht scoile?

Ní mór do scoileanna a chinntiú go mbíonn an fhéinmheastóireacht scoile mar chuid de ghnáthchleachtas an lae. Beidh am ag teastáil ó scoileanna chun cinneadh a dhéanamh faoi fhócas FMS agus faoin bpróiseas agus faoi na gníomhaíochtaí atá ag teastáil. Beidh orthu struchtúir a bheith ar bun chun cuidiú le cinnteoireacht chomhoibríoch; chun anailís a dhéanamh ar fhianaise; agus chun pleananna feabhsúcháin a fhorbairt.

### Tacaíocht do scoileanna

Tá réimse de thacaí ar fáil. Chomh maith leis an Reámhrá don Féinmheastóireacht Scoile seo, cuireadh bileog eolais le heolas chun dáta chuig gach scoil i Meán Fomhair 2012.

Tá foilsíúchán níos sainiúla **Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínte do Bhunscoileanna** ullmhaithe chun tacú le scoileanna sa phróiseas féinmheastóireacht scoile. Forbraíodh i gcomhar leis na páirtneirí oideachais é. Bhain líon beag scoileanna leas as dréacht luath den fhoilsíúchán seo i dtréimhse phiólótach. Déanann na treoirínte seo cur síos ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile agus cuireann siad critéir mheastóireachta agus ráitis cháilíochta ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim, comh maith le huirlisí samplacha chun fianaise a bhailiú. Tá *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínte do Bhunscoileanna* ar fáil ag [www.schoolself-evaluation.ie](http://www.schoolself-evaluation.ie). Cuirfear cóipeanna clóite ar fáil do scoileanna freisin.

Beidh **treoir agus tacaíocht freisin** á n-ofráil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus ag an gCigireacht. Chun go mbeidh deis ag an bhfoireann teagasc freastal ar sheisiúin tacaíochta, moltar am faoi leith den am breise atá ar fáil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a thabhairt don fhéinmheastóireacht scoile. Tapóidh seo an deis cur i láthair a dhéanamh agus ceisteanna a fhreagairt laistigh de chomthéacsanna scoile.

Tá **suíomh gréasáin** ar leith ann chun a thuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna ag [www.schoolself-evaluation.ie](http://www.schoolself-evaluation.ie). Ar an suíomh seo beidh cur i láthair, treoirínte, uirlísí agus teachtaireachtaí ó phríomhoidí scoile a bhfuil gníomhaíochtaí féinmheastóireachta scoile déanta acu cheana féin. De réir mar a dhéantar forbairt ar áiseanna breise, cuirfear ar an suíomh iad. Le himeacht ama, b'fhéidir go mbeidh scoileanna ag iarraidh a dtaithí ar an bhféinmheastóireacht scoile nó a n-áiseanna féinmheastóireachta féin a roinnt. Cabhróidh an suíomh gréasáin leis an aidhm sin a bhaint amach. Má tá tú ag iarraidh aon rud a chur ar an suíomh seo is féidir leat do thuairimí a sheoladh chuig [info@schoolself-evaluation.ie](mailto:info@schoolself-evaluation.ie).

## 6. Cén toradh ba chóir a bheith ann ar an bhféinmheastóireacht scoile?

### Baineann féinmheastóireacht scoile le foghlaim níos fearr

Ba chóir go mbeadh torthaí foghlama níos fearr ann do dhaltáí mar thoradh ar an bhféinmheastóireacht scoile. Ba chóir go dtarlódh sé seo trí phróiseas ina ndéanann múinteoirí athmhachnamh ar a gcleachtas, ina nglacann siad páirt sa phlé, agus ina gcomhroinneann siad a dtaithí. Ba chóir go gcuideofaí le múinteoirí díriú ar an gcineál eispéireas foghlama a thugann siad dá ndaltaí agus iad seo a fheabhsú nuair is gá. Ar an iomlán, ba chóir go mbeadh an teagasc agus an fhoghlaim níos dírithe ar riachtanais na ndaltaí uile, agus a n-aois agus a gcumas curtha san áireamh.

### Cén obair ar pháipéar is gá don fhéinmheastóireacht scoile?

Ní bhaineann féinmheastóireacht mhaith scoile le páipéarachas – tá sí dírithe ar fheabhas a chur ar an gcaoi ina múineann gach múinteoir agus ar an bhfoghlaim a bhaineann daltaí amach. Forbrófar roinnt cáipéisí agus taifid de réir mar a ghabhann an scoil don phróiseas, ach ba chóir iad seo a choinneáil ag an méid is lú – tá an tionchar atá ag an bhféinmheastóireacht scoile ar theagasc agus foghlaim i bhfad níos tábhachtaí.

Ba chóir do scoileanna díriú ar an gcéad dul síos ar chuidiú leis na múinteoirí uile sonraí meastóireachta atá ar fáil agus fianaise eile a chruinniú agus a úsáid go héifeachtúil chun cinntí a dhéanamh faoi cháilíocht a gcleachtais faoi láthair. Beidh éagsúlacht i réimse na fianaise, ag brath ar chúinsí na scoile agus na gnéithe den teagasc agus foghlaim atá á n-athbhreithniú. Beidh gá le hathmhachnamh agus le plé críochnúil ar an bhfianaise seo i measc na foirne teagaisc agus ag an mbord bainistíochta, mar is cuí.

Is gá torthaí chinntí na féinmheastóireachta scoile a chlárú. Cé nár chóir go mbeadh an príomh-fhócas ar an tuairisc scríofa, ba chóir go dtabharfadh **tuairisc fhéinmheastóireachta scoile bheacht** (dhá nó trí leathanach ar a mhéid) sonraí ar chomhthéacs na scoile, na téamaí agus na fo-théamaí a roghnaíodh don mheastóireacht agus foinsí na fianaise a úsáideadh. Bá chóir dó léiriú a thabhairt ar na tátail a baineadh ón bhfianaise i dtéarmaí cén áit a gcuireann an scoil í féin ar chontanam na cáilíochta agus ba chóir go dtabharfadh sé léiriú ar líon beag de bhuanna agus de laigí suntasacha. Ba chóir gurb iad na laigí a ainmnítear sa tuairisc fhéinmheastóireachta scoile na réimsí ina socraíonn an scoil spriocanna d'fheabhsúchán ina plean feabhsúcháin scoile. Ba chóir go n-áireodh an tuairisc fhéinmheastóireachta seiciosta freisin a dhearbhaíonn go bhfuil an scoil ag cloí le ceanglais reachtúla agus rialála (mar shampla, go bhfuil na polasaithe riachtanacha ag an scoil a chlúdaíonn nithe ar nós: gnásanna um chosaint do leanaí, polasáí iompraíochta, polasáí iontrála, srl.).

Cinntoidh **an tuairisc fhéinmheastóireachta scoile** go bhfuil taifead soiléir ar fáil ar cad atá tagtha chun solais ag éirí as an bhféinmheastóireacht scoile agus cad iad na gnéithe chun forbartha ar gá don scoil tús áite a thabhairt dóibh. Ba chóir go mbeadh cóip ag gach múinteoir agus ag gach ball den bhord bainistíochta den tuairisc fhéinmheastóireachta scoile. Beidh cigirí na Roinne in ann teacht ar an tuairisc seo le linn a gcuid oibre.

Beidh **tuairisc fhéinmheastóireachta achomair** a dhéanann cur síos ar bhuanna na scoile agus ar na tosaíochtaí don fhorbairt atá deartha ag an scoil de dhíth chun cumarsáid a dhéanamh le pobal níos leithne na scoile. Ligfidh sé seo do cheannaireacht agus do bhainistíocht na scoile tuairisciú do thuismitheoirí faoi fheidhmiú na scoile mar atá de dhíth faoi Alt 20 den Acht Oideachais, 1998

Caithfidh scoileanna **plean feabhsúcháin scoile** a bheith acu ón scoilbhliain 2012-13 ar aghaidh. Ba chóir go mbeadh an plean feabhsúcháin scoile ina phlean beacht a léiríonn na réimsí ina bhfuil feabhsúchán beartaithe. Ba chóir spriocanna feabhsúcháin a dhíríonn ar thorthaí foghlaiméora a fheabhsú agus atá sainiúil agus intomhaiste a leagadh amach sa phlean feabhsúcháin. Léireoidh an plean na gníomhaíochtaí atá le déanamh, na daoine atá freagrach as na gníomhaíochtaí agus na daoine atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha. Ba chóir an scála ama do na gníomhaíochtaí agus na critéir a dtomhasfar rath ina gcoinne a léiriú. Níor chóir go mbeadh an plean feabhsúcháin scoile níos mó ná dhá leathanach ar fhad agus ba chóir go ndéanfaí treoir an-soiléir de don chleachtas agus don ghníomhaíocht sa seomra ranga agus i suíomhanna foghlama eile. Beidh plean maith feabhsúcháin scoile ina bhunús le hathrú a bhainistiú laistigh de sheomraí ranga.

Cuideoidh an **plean feabhsúcháin scoile** leis an mbord bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheabhsúchán. Beidh sé tairbheach, freisin, do bhainistíocht scoile nuair atá tuairisc bhliantúil ar fheidhmiú na scoile á hullmhú aici do thuismitheoirí. Beidh cigirí na Roinne in ann teacht ar an bplean feabhsúchán scoile freisin le linn a gcuid oibre.

Ba chóir cuntas achomair ar an **bplean feabhsúcháin** scoile a chur ar fáil do phobal uile na scoile.

## 7. Ceisteanna a chuirtear go minic

### Conas a shuíonn féinmheastóireacht scoile le pleanáil forbartha scoile?

Sa phróiseas um phleanáil forbartha scoile tá timthriall ina bhfuil athbhreithniú, pleanáil, forfheidhmiú agus meastóireacht. Déanann an féinmheastóireacht scoile an timthriall don phleanáil forbartha scoile a athfhrámú. Tugann sé fócas níos mó do bhailiú fianaise, d'anailísíú fianaise agus do cháilíocht a mheas. Mar sin, tá sé chéim i dtimthriall na féinmheastóireachta scoile (figiúr 2).



## Conas mar a shuíonn féinmheastóireacht scoile leis an straitéis litearthachta agus uimhearthachta?

Ní tionscnamh breise í an fhéinmheastóireacht scoile – cuid dhílis is ea í den *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*. Leagann an *Clár don Rialtas 2011* amach spriocanna saineúla maidir le féinmheastóireacht scoile agus feabhsúchán scoile. Léirítear na spriocanna seo sa straitéis litearthachta agus uimhearthachta, a chuireann iallach ar na scoileanna uile gabháil don fhéinmheastóireacht láidir agus plean feabhsúcháin scoile a chur ar bun le spriocanna saineúla do chothú agus d'fheabhsúchán na litearthachta agus na huimhearthachta. Tugtar tacaíocht d'fhéinmheastóireacht scoile anois chun cuidiú le scoileanna na riachtanais seo a shásamh. Beidh ar scoileanna tús áite a thabhairt don litearthacht agus don uimhearthacht agus iad ag gabháil don fhéinmheastóireacht.

Uirlis úsáideach is ea an fhéinmheastóireacht scoile chun cuidiú le scoileanna an dea-chleachtas ina soláthar litearthachta agus uimhearthachta a dhearbhú agus chun cinneadh ar na gnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht atá le feabhsú.

## Cén áit a bhfaighimid an t-am don fhéinmheastóireacht scoile?

Cuid is ea an fhéinmheastóireacht scoile den phróiseas um phleanáil forbartha scoile. Tá struchtúir ar bun ag neart scoileanna chun ligean do phleanáil chomhoibríoch leanúnach a bheith ann. Tá cruinnithe foirne, cruinnithe grúpaí agus struchtúir eile ar chuid de na bealaí ina gcuireann scoileanna am ar fáil do ghníomhaíochtaí pleanála. Ba chóir go mbeadh an fhéinmheastóireacht scoile mar ghné thábhachtach de phleanáil dá leithéid.

Tugann Imlitir 08/2011 (Bunscoil) léiriú ar an gcaoi inar féidir le bainistíocht scoile an soláthar ama breise atá de dhíth ó mhúinteoirí mar chuid de chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a shannadh. Tá pleanáil scoile ar cheann de na gníomhaíochtaí atá san áireamh sa liosta de nithe ar féidir an t-am breise a úsáid ina leith. Ba chóir do bhainistíocht scoile machnamh a dhéanamh ar an bhféinmheastóireacht scoile a chur san áireamh i measc na ngníomhaíochtaí lena n-úsáidtear an t-am breise.

Beidh neart den obair a bhaineann le féinmheastóireacht scoile mar chuid den chleachtas reatha i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile. Bealach éifeachtúil chun gabháil d'fheabhsúchán scoile is ea an fhéinmheastóireacht scoile a shuíomh laistigh den ghnáth-chleachtas sa seomra ranga.

### **An gá do scoileanna DEIS<sup>1</sup> gabháil don fhéinmheastóireacht agus spriocanna a leagadh amach arís chun an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú?**

Ó 2006/07 i leith, tá tacaíocht faighte ag scoileanna atá mar pháirt den Chlár Tacaíochta Scoile DEIS chun leibhéil reatha na gnóthachtála sa litearthacht, uimhearthacht agus gnóthachtáil sna scrúduithe (iar-bhunscoile) a mheas agus chun spriocanna a leagadh amach d'fheabhsúchán. D'éirigh le roinnt scoileanna leibhéil na gnóthachtála a fheabhsú sa litearthacht agus san uimhearthacht. Ba chóir do na scoileanna seo athbhreithniú a dhéanamh ar a dtimthriall pleanála reatha d'fheabhsúchán agus ba chóir dóibh leanúint de na pleananna sin a chur i bhfeidhm má tá siad bunaithe ar an bhféinmheastóireacht láidir (fianaise shoiléir chun tacú lena mbreithiúnais agus na gnéithe a dtugtar tús áite dóibh le forbairt) agus má tá spriocanna d'fheabhsúchán sainiúil agus intomhaiste. In áit próiseas na féinmheastóireachta scoile a thosú arís, ba chóir dóibh leanúint de thimthriall pleanála DEIS agus gabháil don phróiseas féinmheastóireachta mar a léirítear sna *Treoirlínte* nuair atá an plean trí bliana reatha curtha i bhfeidhm.

Tá roinnt scoileanna DEIS fós ag céim luath i bhforbairt na bpleananna feabhsúcháin. Ba chóir do na scoileanna seo athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas reatha agus a chinntiú go bhfuil a bpleananna gníomhaíochta DEIS bunaithe ar an bhféinmheastóireacht láidir agus go bhfuil na spriocanna chun feabhas a chur ar an litearthacht, ar an uimhearthacht agus ar ghnóthachtáil sna scrúduithe sainiúil agus intomhaiste.

---

## **An gá do scoileanna speisialta gabháil don fhéinmheastóireacht agus spriocanna a leagadh amach chun an litearthacht agus an uimhearthacht agus gnéithe eile den teagasc agus den fhoghlaim a fheabhsú?**

Is gá. Ba chóir do scoileanna speisialta gabháil do phróiseas na féinmheastóireachta mar a luaitear sa sceideal do bhunscoileanna nó sa sceideal d'iar-bhunscoileanna ag brath ar raon aoise na ndaltaí. Ba chóir dóibh an próiseas a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ina gcomhthéacs ar leith. Ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil na spriocanna chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht ag teacht leis na riachtanais ar leith atá ag a ndaltaí.

## **Conas ba chóir do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge gabháil don fhéinmheastóireacht agus spriocanna a leagadh amach chun an litearthacht a fheabhsú sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chomh maith leis an uimhearthacht?**

Ba chóir do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Gaeilge gabháil don fhéinmheastóireacht i litearthacht sa Ghaeilge, litearthacht sa Bhéarla agus uimhearthacht thar thréimhse an timthrialla tosaigh san fhéinmheastóireacht scoile. Mar shampla, is féidir leo an litearthacht sa Ghaeilge a roghnú mar thosaíocht sa chéad bhliain. Cuirfidh sé seo ar a gcumas tuairisc fhéinmheastóireachta a chur i gcrích agus plean feabhsúcháin trí bliana a bheith ar bun don réimse atá curtha chun tosaigh acu. Ansin is féidir leo an litearthacht sa Bhéarla a roghnú mar thosaíocht sa chaoi is go mbeidh tuairisc fhéinmheastóireachta curtha i gcrích agus plean feabhsúcháin ar bun don litearthacht sa Bhéarla. Ina dhiaidh sin, roghnóidh siad an uimhearthacht agus beidh tuairisc fhéinmheastóireachta curtha i gcrích agus plean feabhsúcháin ar bun. Ar an gcaoi sin, ag deireadh an chéad timthrialla, beidh tuairiscí fhéinmheastóireachta scríofa acu agus pleananna feabhsúcháin ar bun don litearthacht sa Ghaeilge, don litearthacht sa Bhéarla agus don uimhearthacht. Ansin beidh siad in ann meastóireacht a dhéanamh ar réimsí cleachtais eile.

## **Ar chóir go mbeadh eolas faoi fheidhmíocht daltaí sna trialacha meastóireachta curtha san áireamh i dtuairisc fhéinmheastóireachta achomair na scoile?**

Cinnfidh bord bainistíochta na scoile an t-ábhar mionsonrach a bheidh sa tuairisc fhéinmheastóireachta achomair. Príomhaidhm na tuairisce achomair is ea breithiúnais a chur in iúl maidir le buanna na scoile agus a cuid tosaíochta d'fhorbairt. Beidh siad seo bunaithe ar réimse leathan fianaise faoi theagasc agus foghlaim. Is féidir leis an tuairisc achomair ráitis ghinearálta a áireamh faoi fheidhmíocht daltaí i bpríomhréimsí, ach níor chóir mionanailís ar thorthaí na dtrialacha meastóireachta nó eolas staitistiúil a chur san áireamh sa tuairisc fhéinmheastóireachta achomair.

FEABHAS NA FOGHLAMA A CHUR CHUN CINN



An Chigireacht  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1  
Éire